

# Comhairle Chontae Laoise

## Laois County Council



# Plean Corparáideach

## Corporate Plan

### 2019 – 2024

# Clár na n Ábhar

---

Clár na n Ábhar .....	2
Ráiteas Mísín .....	3
Réamhfhocail ón gCathaoirleach & ón bPríomhfheidhmeannach .....	4
Conas a Oibrímid agus Conas a Eagraítear sinn .....	5
Comhaltáí Chomhairle Contae Laoise .....	6
Conas a Oibríonn an Córas .....	7
Croí-Limistéir Seirbhísí .....	8
Forbhreathnú ar an gContae .....	9
An Fhís atá Againn .....	10
Ár Luachanna .....	10
Ár dTimpeallacht Oibriúcháin .....	11
Cumas Inmheánach agus Acmhainní .....	12
Buiséad Caiteachais 2020 .....	13
Foinsí Cistiúcháin – Buiséad 2020 .....	14
Prionsabail Rialachais .....	15
Cuspóirí Corparáideacha .....	16
Iompar .....	17
Seirbhísí Uisce .....	20
Sláinte & Sábháilteacht .....	22
Comhshaol .....	23
Seirbhísí Dóiteáin .....	25
Pleanáil & Forbairt .....	27
Fiontar Áitiúil / Tacaíocht Gnó .....	31
Pobal .....	35
Cur Chun Cinn an Chontae .....	38
Leabharlann .....	40
Tithíocht & Athnuachan Uirbeach .....	41
Gnóthaí Corparáideacha .....	44
Acmhainní Daonna .....	48
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide .....	49
Airgeadas .....	50
MyPay .....	51
Cur Chun Feidhme, Faireachán agus Athbhreithniú .....	53
Aguisín 1 – Straitéisí Roghnaithe agus Pleananna a bhfuil Tionchar acu ar an Rialtas Áitiúil .....	54
Aguisín 2 – Táscairí feidhmíochta gníomhaíochta .....	56
Aguisín 3 – Foireann Shinsireach Chomhairle Contae Laoise .....	59
Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn .....	60

## Ráiteas Misin

---

“Déanfaidh an Chomhairle forbairt inbhuanaithe an Chontae ó thaobh cúrsaí geilleagracha, sóisialta, cultúrtha agus pobail de a threorú agus seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán do na pobail a bhfreastalaímid orthu a sholáthar”

# Réamhfhocal ón gCathaoirleach & ón bPríomhfheidhmeannach

Is cúis áthais dúinn, mar Chathaoirleach agus mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Laoise fáilte a chur roimh fhoilsiú ár bPlean Corparáideach don tréimhse 2019-2024. Beidh an Plean Corparáideach ina chreat straitéise ag an gComhairle ó thaobh gníomhaíochta agus soláthar seirbhísí poiblí de le linn shaolré na Comhairle reatha. Beidh ról lárnach ag baint leis an bPlean an fhís a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach in Éirinn, “Tús Áite do na Daoine”, a fhíorú. Beidh an Plean ríthábhachtach ag Comhairle Contae Laoise más an Chomhairle go príomha a bheidh taobh thiar de rialachas agus seirbhís phoiblí ar bhonn áitiúil. Beidh tábhacht leis an bPlean chomh maith i ról lárnach na Comhairle forbairt gheilleagrach, shóisialta agus pobal a dhéanamh, seirbhísí éifeachtúla ar an luach is fearr a sholáthar, agus ionadaíocht á déanamh do shaoránaigh agus pobail sna slite is éifeachtaí agus is freagraí is féidir.

Cuirtear an Plean Corparáideach i láthair sa chomhthéacs a bhfuil doiciméid bheartais réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta ann, cuir i gcás An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Gheilleagrach, Ár Seirbhís Phoiblí 2020, Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí, Clár LEADER AE, agus Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus tuilleadh lena chois.

Beidh sé ina phríomhchuspóir sa Phlean Corparáideach creat a chur ar fáil inar féidir Pleananna Bliantúla Soláthair Seirbhísí a leagan amach. Sna Pleananna sin, tabharfar le fios na gníomhaíochtaí atá le tabhairt fúthu i ngach ceann de na príomhréimsí feidhme d’fhonn na cuspóirí atá sa Phlean Corparáideach a bhaint amach. Déanfar na cuspóirí sin a leathnú ionas go mbeidh straitéisí agus gníomhaíochtaí tacaíochta níos mionsonraithe ann, a dhéanfaidh nasc le gníomhaíochtaí bliantúla rannacha. Déanfar nasc idir na Pleananna agus na próisis bhuiséadacha, Córais Forbartha don Bhainistíocht Feidhmíochta, agus do na táscairí seirbhísí agus feidhmíochta lena mbaineann siad.

Beidh Comhaltaí Tofa chomh maith le Fostaithe Chomhairle Contae Laoise ag leanúint de cheannasaíocht a thabhairt i saol sóisialta, geilleagrach agus cultúrtha an Chontae a chur chun cinn agus a fhorbairt. Tá sé riachtanach go mbeidh an Chomhairle in inmhe dul in oiriúint taobh istigh de chreat an Phlean le dul i ngleic leis na dúshláin is na deiseanna a thioctfaidh as ár dtimpeallachtaí oibríochta inmheánacha agus seachtracha sna 5 bliana atá le teacht. Tá na dúshláin seo leagtha síos go soiléir sa Phlean, agus áirítear ina measc: ár gcuid acmhainne de bheith ag ullmhú le dul i ngleic leis an tionchar a bheidh ag an athrú aeráide agus an tionchar sin a laghdú, tithíocht shóisialta a bhfuil géarghá léi a sholáthar, agus le cinntiú go dtugtar cothrom na féinne do Chontae Laoise ó thaobh infheistíocht isteach, fás ar fhostaíocht agus forbairt inbhuanaithe gheilleagrach de.

“I páirt leis an bpobal” is mana don Chomhairle seo. Táimid ag súil le bheith ag obair lenár gComhaltaí Tofa, le fostaithe, páirtithe leasmhara, le hearnáil an ghnó agus le heagraíochtaí pobail ar fud an Chontae le cinntiú go n-éireoidh linn na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Phlean seo a chur i bhfeidhm.



Clr William Aird  
Cathaoirleach



John Mulholland  
Príomhfheidhmeannach

# Conas a Oibrímid agus Conas a Eagraítear sinn

---

Bunaíodh Comhairle Contae Laoise faoin Local Government (Ireland) Act, 1898. Tá 19 Comhalta Tofa ar an gComhairle a ndéantar iad a thoghadh ar bhonn daonlathach le hionadaíocht a dhéanamh ar mhuintir an Chontae. Bíonn na Comhaltaí Tofa ag obair i gcomhar le Feidhmeannas na Comhairle, is é sin an Príomhfheidhmeannach agus na baill foirne. Bíonn na Toghcháin Áitiúla ar siúl gach cúig bliana, agus ba i mí Bealtaine 2019 a bhí an toghchán ba dheireanaí.

Tá Comhairle Contae Laoise ar an bpríomhaonad Rialtas Áitiúil sa Chontae, agus tá an Chomhairle freagrach as réimse leathan éagsúil seirbhísí a sholáthar. Bíonn tionchar ag na seirbhísí seo ar ghníomhaíochtaí geilleagracha, sóisialta, comhshaoil, bonneagair, cultúrtha, talmhaíochta agus oideachais an Chontae.

Tá feidhmeanna na Comhairle roinnte idir Feidhmeanna Forchoimeáda agus Feidhmiúcháin. Is iad na Comhaltaí Tofa a dhéanann na Feidhmeanna Forchoimeáda a chomhlíonadh, agus mar chuid díobh sin tá cúrsaí tábhachtacha beartais cur i gcás glacadh leis an mBuiséad Bliantúil, iasachtaíocht airgeadais, Pleananna Forbartha is Fodhlíthe a dhéanamh, etc. Ar na Feidhmeanna Feidhmiúcháin a dhéanann an Príomhfheidhmeannach tá baill foirne a fhostú, bainistiú réadmhaoine, cinntí pleanála agus riarachán laethúil chúrsaí na Comhairle. Tá an Chomhairle ar cheann de na fostóirí is mó sa chontae a bhfuil thart ar 440 coibhéis fostaí lánaimseartha aici faoi láthair.

Féadann na Comhaltaí feidhmeanna forchoimeáda na Comhairle a fheidhmiú ar dhá leibhéal. Tá cuid de na feidhmeanna á bhforchoimeád don Chomhairle Contae iomlán, dá ngairtear an Chomhairle Iomlánach uaireanta. Déantar feidhmeanna eile ar leibhéal an Cheantair Bhardasaigh. I gcás Laoise, tá trí Cheantar Bardasacha sa Chontae.

- Port Laoise
- An Ghráig-Cúil an tSúdaire
- Buiríos Mór Osraí-Móinteach Mílic

## Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna)

Bíonn na SPCanna ag cabhrú leis an gComhairle i gcomhar beartais a cheapadh agus a fhorbairt, agus athbhreithniú a dhéanamh air. Ba chóir, ar a laghad, gurbh as earnálacha bainteach le hobair a dhéanann SPC ar leith an tríú cuid den bhallraíocht. Is é an ról atá ag SPC tuairimí ón taobh amuigh a chur ar fáil do na comhaltaí tofa, agus mar sin de cur le próiseas ceaptha an bheartais. Tá ceithre SPC mar chuid de Chomhairle Laoise –

- Tithíocht, Athnuachan & Pleanáil
- Iompar, Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála
- Gníomhú ar son na hAeráide & Pobal
- Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch & Turasoíreach

## Grúpa Beartais Corparáidigh (CPG)

Cuireann CPG fóram ar fáil chun ábhair bheartais a comhordú is a phlé, ábhair atá lasmuigh de shainchúraimí na gceithre SPC agus MD, agus is nasc an CPG idir na SPCanna agus an Chomhairle iomlán. Tá Cathaoirleach na Comhairle chomh maith le Cathaoirleach na gceithre SPC sa CPG. Tugann an Príomhfheidhmeannach agus Baill Shinsearacha foirne tacaíocht don ghrúpa.



# Comhaltaí Chomhairle Contae Laoise

---

## Bhuiríos Mór Osraí– Mhóinteach Mílic



Conor Bergin  
Fine Gael

Paddy Bracken  
Fianna Fáil

Séamus McDonald  
Fianna Fáil

John King  
Fine Gael

Ollie Clooney  
Neamhpháirtí

James Kelly  
Neamhpháirtí

## Ceantar Bardasach Phort Laoise



Willie Aird  
Fine Gael

Mary Sweeney  
Fine Gael

Thomasina Connell  
Fine Gael

Catherine  
Fitzgerald  
Fianna Fáil

Caroline Dwane  
Stanley  
Sinn Féin

John Joe Fennelly  
Fianna Fáil

Noel Tuohy  
Páirtí an Lucht  
Oibre

## Ceantar Bardasach na Gráige – Chúil an tSúdaire



Tom Mulhall  
Fine Gael

Aidan Mullins  
Sinn Féin


Padraig Fleming  
Fianna Fáil

Ben Brennan  
Neamhpháirtí


Aisling Moran  
Fine Gael

Paschal McEvoy  
Fianna Fáil

# Conas a Oibríonn an Córas



# Croí-Limistéir Seirbhísí






# Forbhreathnú ar an gContae

Agus é lonnaithe i Lár Tíre Theas na hÉireann, cuimsíonn Contae Laoise achar 171,990 heicteár. Is é 84,697 daonra an Chontae de réir dhaonáireamh 2016 – figiúir atá 5.1% níos airde ná a bhí i ndaonáireamh 2011. Tá an contae talamhiata agus, rud ar leith faoi, níl teorainn ag an gcontae le haon chontae eile a bhfuil cósta ann. Tá idir dhúshláin agus deiseanna ag baint leis an bhfás sciobtha atá tagtha ar dhaonra an chontae le blianta anuas; maidir leis an óige, léiríodh i ndaonáireamh 2016 go bhfuil an dara cóimheas is airde idir daoine óga is an daonra oibre i Laois; tá lucht oilte oibre sa chontae ach bíonn cuid mhór de na daoine seo ag taisteal chuig poist taobh amuigh den chontae.

Tá Port Laoise, príomhbhaile an chontae, nasctha go straitéiseach le mórchathracha amhail Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach trí ghréasán mhótarbhealaí an M7 agus an M8. Trasnaíonn bóthar an N80 an Contae freisin, rud a nascann Baile Cheatharlach agus Port Laoise, príomhbhailte contae, le Tulach Mhór, le Baile Átha Luain agus leis an Muileann gCarr. Tá nascacht iarnróid den scoth ag Contae Laoise freisin, agus na príomhlínte iarnróid idir Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach agus idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh ag dul tríd an gContae. Ar na príomhbhailte eile tá Cúil an tSúdaire, Móinteach Mílic, Maighean Rátha, An Sráidbhaile, Mainistir Laoise agus An Ghráig.

Tá saibhreas le fáil in áiseanna nádúrtha Laoise, idir Dhún Másc agus Sliabh Bladhma, atá sách álainn. Tá réimse leathan díol spéise sa Chontae lena n-áirítear Ionad Ealaíon Dhún Másc, Músaem Theach na mBocht ón nGorta Mór i nDomhnach Mór agus The Arthouse, an Sráidbhaile, agus neart eile seachas sin. Tá an-tóir ar Laois anois d'imeachtaí móra agus féilte, agus bíonn cuid de na himeachtaí is mó ó Lár na Tíre sa chontae, Electric Picnic agus réimse imeachtaí eile san áireamh.

Tá áiseanna thar barr áineasa, fóillíochta agus taitneamhachta ar fáil sa chontae, ina measc siúd tá dhá ionad fóillíochta, agus cuid mhór áiteanna súgartha, siúlóidí agus conairí a mheallann roinnt mhaith cuairteoirí le linn na bliana.



# An Fhís atá Againn

---

Gur contae iontach atá i Laois le cónaí ann, le bheith ag obair ann, infheistíocht a dhéanamh ann, agus le cuairt a thabhairt air – don am atá i láthair agus don am atá le teacht

## Ár Luachanna

---

### Daonlathas agus Cuntasacht Áitiúil

Feidhmeoidh an Chomhairle an sainordú daonlathach atá aici ar bhealach neodrach, follasach agus cuntasach agus faoi réir riachtanais dhlíthiúla, eiticiúla agus reachtúla.

### Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá an Chomhairle tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar bhealach cuimsitheach, cothrom agus sofhreagrach.

### Inbhuanaitheacht

Tá an Chomhairle tiomanta do chinntiú go n-oibríonn sí i slite a thagann le prionsabal na hinbhuanaitheachta, a éascaíonn dul chun cinn geilleagrach agus comhtháthú sóisialta agus a dhéanann an timpeallacht nádúrtha agus thógtha a chosaint.

### Cuimsiú Sóisialta

Tá an Chomhairle tiomanta do chuimsiú sóisialta a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht dá cuid.

### Comhpháirtíocht

Is mór ag an gComhairle comhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach, le gníomhaireachtaí stáit, le grúpaí pobail, leis an mórfhobal agus leis an bhfórsa saothair.

### Bainistíocht Acmhainní agus Luach ar Airgead

Tá an Chomhairle tiomanta d'úsáid éifeachtach éifeachtúil a bhaint as na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil di.

# Ár dTimpeallacht Oibriúcháin

---

Imríonn réimse beartais agus straitéisí Réigiúnacha, Náisiúnta agus Eorpacha/Idirnáisiúnta tionchar ar Rialtas Áitiúil a fheidhmiú. Tá rogha de na doiciméid is ábhartha i liosta in Aguisín 1 den doiciméad seo. Agus sinne ag iarraidh a bheith ag freastal ar mhuintir Chontae Laoise, ní mór dúinn a bheith aireach faoi na srianta agus na deiseanna a chuireann straitéisí agus pleananna seachtracha os ár gcomhair.

Tá an-fhás tagtha go sciobtha ar dhaonra Laoise le deich mbliana anuas. Ní mór dúinn a bheith réidh agus in ann seirbhísí ardcháilíochta ón rialtas áitiúil a chur ar fáil dár bpobal, a bhfuil fás ag teacht i gcónaí air. Tá an leibhéal den fhostaíocht a fhaigheann tacaíocht IDA íseal, i gcomparáid le contaetha eile, áfach. Taistealaíonn breis agus 11000 as daonra an chontae chuig poist i gcontaetha eile. Tá tús curtha ag an gComhairle ar thailte tionsclaíochta a fhorbairt ag Acomhal 17 (Teamhair) i bPort Laoise, d'fhonn gnólachtaí a mhealladh chuig an gContae a bhfuil acmhainneacht ard fostaíochta ag baint leo.

Ní mór don Chomhairle buiséad comhardaithe a sholáthar gach bliain. Tá na réimsí ioncain agus caiteachais le feiceáil sna graif ar leathanaigh 12 & 13.

Is é an dúshlán atá ann roimh Chomhairle Chontae Laoise bheith réamhghníomhach agus sofhreagrach, feabhas leanúnach a chur ar fáil i soláthar seirbhísí, acmhainní a bhainistiú agus riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh le linn dí an ról reachtúil agus na feidhmeanna reachtúla atá aici a chomhlíonadh.

As an réimse beartas agus pleananna in Aguisín 1, cé go bhfuil cuid mhaith díobh an-dírthe (mar shampla Ár Leabharlanna 2022), tá cuid díobh ag feidhmiú ar nós comhtháite. Roghnaíodh ceithre cinn agus tugtar thíos iad leis an tionchar a imríonn siad ar ár bpleananna, beartais agus oibríochtaí a léiriú:

**Tús Áite do na Daoine- An Plean Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach:** éilítear sa doiciméad seo ar údarais áitiúla gurb iad go príomha a bheidh taobh thiar de rialachas agus seirbhís phoiblí ar bhonn áitiúil – tabharfaidh na húdarais áitiúla ceannasaíocht i ndáil le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus phobail a dhéanamh, seirbhísí éifeachtúla ar an luach is fearr a sholáthar, agus ionadaíocht á déanamh do shaoránaigh agus pobail sna slite is éifeachtaí agus is freagraí is féidir. Ní mór áit lárnach a bheith ag na ceanglais agus na haidhmeanna seo i ngach beartas agus i ngach clár a chuireann an Chomhairle ar bun

**Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí (IHREC) a chur i bhfeidhm:** Beidh an doiciméad seo, ar le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas é, ina chabhair ag an gComhairle na riachtanais a chur ar bun maidir le comhionannas agus cearta an duine ó thaobh an dlí de. Ceanglaítear le dlí ar an gComhairle a bheith "aireach faoin ngá leithcheal a dhíbirt, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta daonna na mball foirne agus na ndaoine a bhaineann úsáid as a cuid seirbhísí a chosaint" (athfhriotail arna aistriú ón mBéarla). Ní mór cloí le prionsabail an chomhionannais agus na gcearta daonna agus go mbeidh áit lárnach ag na prionsabail sin inár mbeartais agus ár bpleananna go léir. Fostóir Comhdheiseanna atá i gComhairle Contae Laoise. Táimid tiomanta chomh maith fad a bheidh an Plean Corparáideach seo i bhfeidhm ár gcuid feidhmíochta a mheas sa réimse seo a bhaineann le dualgas na hearnála poiblí, thar ár réimse oibríochtaí, agus dul i ngleic le fadhbanna ar bith a thiocthaidh chun cinn, agus forbairtí agus éachtaí a thuairiscíú inár dTuarascálacha Bliantúla. Mar shampla, ó thaobh líonra na mbóithre agus na gcosán poiblí de, tá tús curtha againn le seiceálacha ar an inrochtaineacht siúil i roinnt bailte, i gcomhar le Age Friendly Alliance agus grúpaí pobail.

**Prionsabail Rialachais agus Creat Rialachais don Earnáil Rialtais Áitiúil:** Tá ról ceannasaíochta ag Comhairle Contae Laoise taobh istigh den chontae; ní mór an ról ceannasaíochta seo a fheidhmiú i dteannta le rialachas corparáideach maith agus bunaithe ar phrionsabail láidre rialachais. Tá sé mar thoradh ar rialachas éifeachtach go spreagtar úsáid éifeachtach áiseanna, go ndéantar freagracht a láidriú agus go gcuirtear feabhas ar sholáthar seirbhísí agus mar sin, déantar saol daoine a fheabhsú. Nuair atáimid ag caitheamh acmhainní ní foláir dúinn i

gcónaí a bheith aireach gur cuireadh mar chúram orainn airgead na gcáiníocóirí a úsáid go stuama. Sa tábla ar Leathanach 15 tá achoimre ar na Prionsabail Rialachais don Rialtas Áitiúil.

**Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019:** Tá an méid seo a leanas curtha in iúl ag Rialtas na hÉireann i bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 : : *“Is léir ón bhfianaise go bhfuil ár gcóras aeráide á théamh - ní féidir sin a shéanadh. Cuireann na réamh-mheastacháin ar athrú aeráide domhanda agus réigiúnach in iúl go mbeidh astaíochtaí na ngás ceaptha teasa i rith an ama ina gcúis le téamh níos mó agus le hathruithe dár n-aeráid”* (athfhriotal arna aistriú ón mBéarla). Tá ról tábhachtach ag na hÚdaráis Áitiúla – sa chéad dul síos sna gníomhaíochtaí is gá a thabhairt fúthu ionas go laghdófar drochthionchar na mbristeach aeráide ar an daonra agus ar an ngeilleagar, agus chomh maith leis sin na scaoilte sin chuig an gcomhshaol a laghdú a chuireann leis an mbristeach aeráide. Sa chomhthéacs seo, tabharfaidh an t-údarás áitiúil aird ar na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe a mhéid is a bheidh tionchar acu ar obair an údaráis. Tá dhá shampla den bhristeach aeráide agus riosca bunaithe ar an aeráid a bheith i gcróilár chláir na Comhairle, agus is iad sin ‘Straitéis Oiriúnaithe Aeráide Laoise’ agus ‘Baile Phort Laoise ar Bheagán Carbóin’, i measc samplaí eile.

## Cumas Inmheánach agus Acmhainní

---


Tá 442 fostaí coibhéise lánaimseartha mar fhórsa saothair ag Comhairle Chontae Laoise. Ar aon dul leis an deachleachtas, bainistíonn sí a feidhm acmhainní daonna trí shraith éagsúil leathan de bheartais acmhainní daonna, lena n-áirítear bainistíocht feidhmíochta trí phróiseas an chórais bhainistíochta agus forbartha feidhmíochta.

Tá éirithe leis an gComhairle na dúshláin a tháinig as na comhaontuithe áirithe náisiúnta seirbhíse a shárú, agus tá réimse éifeachtúlachta soláthraithe ag an gComhairle mar gheall ar dhúthracht agus ar sholúbthacht ár lucht oibre.


Tá Pleananna Bliantúla le haghaidh Soláthair Seirbhísí curtha ar fáil gach bliain ag Comhairle Contae Laoise i gcomhréir leis an mBuiséad faofa. Cuirfear san áireamh sna pleananna seo na tosaíochtaí ar thángthas ar chomhaontú fúthu faoi mar a leagtar amach sa Phlean Corparáideach, chomh maith le riachtanais reachtaíochta agus reachtúla nach foláir a chomhlíonadh. Déanfar na Buiséid Bhliantúla a chur le chéile i gcomhthéacs na n-acmhainní a bheidh ar fáil ón rialtas láir agus ón ár n-acmhainní féin.

Dá bhrí sin, beidh tionchar ag méid na n-acmhainní a bheidh ar fáil ar chumas na Comhairle a cuid cuspóirí a chomhlíonadh. Beidh Comhairle Contae Laoise díograiseach ag dul i ngleic leis na dúshláin atá ag baint leis na timpeallacht ina bhfeidhmíonn an t-údarás áitiúil, atá ag síorathrú.

# Buiséad Caiteachais 2020



# Foinsí Cistiúcháin – Buiséad 2020





# Prionsabail Rialachais <sup>1</sup>

## Croíphrionsabal 1

Is éard atá i gceist leis an dea-rialachas ná a bheith ag díriú ar chuspóir an údaráis, ar thorthaí a sholáthraíonn buntáistí geilleagracha agus sochataíochta inbhuanaithe, agus ar fhis don údarás áitiúil a chur i bhfeidhm

### *Prionsabail Tacaíochta*

- Cuspóir agus fíis an údaráis a fhorbairt sa phlean corparáideach agus iad sin a chur in iúl go soiléir chun ceannasaíocht straitéiseach a léiriú, agus a chinntiú go dtugtar seirbhís ardchaighdeán d'úsáideoirí na seirbhíse
- Cinnte a dhéanamh de go ndéanfaidh an t-údarás na nithe sin sa phlean soláthair seirbhísí a bhfuil tús áite leo a úsáid le leas a bhaint as acmhainní sna slí is éifeachtaí. Déanfaidh sin a chinntiú go mbainfear amach na spriocanna sa tslí is fearr.

## Croíphrionsabal 2

Is éard atá i gceist leis an dea-rialachas ná comhaltaí agus oifigigh a bheith ag obair le chéile le comhchuspóir a bhaint amach taobh istigh de chreat ina bhfuil feidhmeanna agus ról atá sainmhínithe go soiléir.

### *Prionsabail Tacaíochta*

- Ceannasaíocht éifeachtach a léiriú ar fud an údaráis, soiléireacht a léiriú ó thaobh na bhfeidhmeanna forchoimeáda agus feidhmiúcháin de, agus faoi na ról agus freagrachtaí atá ag comhaltaí agus oifigigh faoi seach.
- Caidreamh oibre dearfach agus measúil a chothú idir na comhaltaí agus na hoifigigh agus a dhéanamh cinnte de go ndéanfar feidhmeanna an údaráis a chur i gcrích ar ardchaighdeán.

## Croíphrionsabal 3

Is éard atá i gceist leis an dea-rialachas ná a bheith ag cloí le hardchaighdeán iompair agus iompraíochta chun luachanna na seirbhíse poiblí a chothú agus a léiriú.

### *Prionsabail Tacaíochta*

- Cinnte a dhéanamh de go ndéanfaidh comhaltaí agus oifigigh, agus ceannasaíocht á feidhmiú acu, iompar a léiriú a thugann dea-shampla de chaighdeán arda san iompraíocht, san iompar eiticíúil agus sa dea-rialachas.
- Cultúr a chothú a spreagann agus a fhorfheidhmiú go gcoítear leis na luachanna eiticíúla agus luachanna eagraíochta faoi mar atá sa phlean corparáideach, agus córais a áirithint le sin a dhéanamh.

## Croíphrionsabal 4

Is éard atá i gceist leis an dea-rialachas cinntí eolacha oscailte a dhéanamh chomh maith le bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí agus ar fheidhmíocht.

### *Prionsabail Tacaíochta*

- Cruinneas agus oscailteacht a léiriú le linn an phróisis déanta cinntí ina iomláine, agus eolas, comhairle is tacaíocht d'ardchaighdeán a chur ar fáil do lucht déanta cinntí.
- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil córais éifeachtacha riosca, airgeadais agus bainistíochta feidhmíochta ar bun. Rachaidh na córais sin i ngleic le héiginnteacht agus neamhchosaint, déanfaidh na córais smacht airgeadais a fhorfheidhmiú, agus cuirfear béim ar acmhainní a leithdháileadh ar bhonn straitéiseach agus ar sholáthar éifeachtach éifeachtúil seirbhíse.

## Croíphrionsabal 5

Is éard atá i gceist leis an dea-rialachas inniúlacht eagraíochta na gcomhaltaí agus na n-oifigeach, chomh maith leis an ábaltacht agus na scileanna ceannasaíochta atá acu a fhorbairt, ionas go mbeidh siad in ann a bheith ag feidhmiú go héifeachtach agus cuspóir na heagraíochta a chomhlíonadh.

### *Prionsabail Tacaíochta*

- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil na tacaíochtaí agus struchtúir chúil ag comhaltaí agus ag oifigigh lena gcuid ról a dhéanamh go héifeachtach.
- Forbairt a dhéanamh ar inniúlacht na ndaoine sin a bhfuil freagrachtaí rialachais agus ceannasaíochta orthu ionas gur féidir a áirithint go mbeidh na torthaí a bhainfear amach ag teacht le hoibleagáidí an dea-rialachais.

## Croíphrionsabal 6

Is éard atá i gceist leis an dea-rialachas teagmháil oscailte chuimsitheach a dhéanamh le muintir na háite, le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara eile chun cuntasacht dhaingean phoiblí a áirithiú.

### *Prionsabail Tacaíochta*

- Soiléireacht a sholáthar i ndáil le caidreamh cuntasachta agus muinín eagraíochta, feidhmeanna iniúchta agus scrúdáin.
- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil próiseas agus córais ann le cumarsáid shoiléir, maoirseacht éifeachtach agus cuntasacht a sholáthar do pháirtithe leasmhara.

<sup>1</sup> Sliocht (arna aistriú) as *Prionsabail Rialachais agus Creat Rialachais don Earnáil Rialtais Áitiúil*

# Cuspóirí Corparáideacha

---

Is iad seo a leanas Cuspóirí Corparáideacha Chomhairle Contae Laoise-

1. Saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch mhuintir Laoise a fheabhsú
2. Tionscnaimh agus cleachtais inbhuanaithe chomhshaoil a chothú is a chur chun cinn sa Chontae/Réigiún
3. Forbairt inbhuanaithe an Chontae a éascú agus a chur chun cinn. Áirítear leis sin príomhthionscádail bhonneagair ag brath ar dheachaighdeáin agus ar dhea-chleachtas comhshaoil a chomhlíonadh
4. Pobail ionchuimsitheacha ar bhonn sóisialta a chothú agus tacaíocht a thabhairt dóibh
5. Forbairt a dhéanamh ar chaighdeán na Seirbhísí do Chustaiméirí, agus feabhas a chur orthu, i rith an ama
6. Bainistíocht stuama a dhéanamh ar acmhainní na Comhairle ionas go mbainfear amach éifeachtacht sna torthaí as na hacmhainní caite
7. Forbairt a dhéanamh i rith an ama ar cleachtais na Bainistíochta Corparáidí sa Chomhairle agus cleachtais éifeachtacha Bainistíochta Riosca a chur i ngníomh

Is trí na Pleananna Rannóige seo a leanas a chur i gcrích a chomhlíonfar na Luachanna agus na Cuspóirí Corparáideacha atá ag Comhairle Chontae Laoise.

# Iompar

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
Bóithre - Gréasán	An Gréasán Réigiúnach agus Áitiúil Bóithre a Fheabhsú agus a Athchóiriú de réir Threoirlínte na Roinne Iompair.	Cláir Bóithre Ilbhliantúla na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt  Leanúint de Córas Mapála do Bhóithre agus do Chosáin a chur i bhfeidhm, ionas go mbeidh cur chuige níos éifeachtaí ann i leith cothabhála bóithre ó thaobh costais de Suirbhéanna a bhaineann leis an Innéacs ar Bhail Dromchla Cosán (PSCI)	Taifead d'Oibreacha déanta ar an nGréasán Réigiúnach agus Áitiúil Bóithre  Taifead de Rátálacha PSNI don Ghréasán Réigiúnach agus Áitiúil Bóithre  Líon na gCiliméadar ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a rinneadh feabhsú agus cothabháil orthu de réir Chlár na mBóithre	Rátálacha PSCI a bhí ann cheana in áiteanna a ndearnadh Suirbhéanna  Sonraí reatha a taifeadadh le roinnt blianta
Bóithre - Gréasán	Feabhsú agus Athchóiriú den Ghréasán Bóithre Náisiúnta i gcomhairleoireacht le Bonneagar Iompar Éireann.	Arna maoiniú ag Bonneagar Iompar Éireann Mórscéimeanna  Cosán & Mionoibreacha  Oibreacha Cosáin HD 28  Cothabháil ar na Príomhbhóithre Náisiúnta & Na Bóithre Náisiúnta den Dara Grád	Líon na gCiliméadar Bóithre Náisiúnta arna bhFeabhsú faoi Scéimeanna áirithe maoinithe ag Bonneagar Iompar Éireann  Taifid Fabhtanna a bhfuarthas réitithe díobh ón nGréasán	Suirbhéanna ar Bhail Dromchla Cosán le Bonneagar Iompar Éireann atá ann cheana  Suirbhéanna den Ghréasán Bóithre Náisiúnta déanta ag Údarais Áitiúla
Bóithre - Droichid	Cothabháil a dhéanamh ar Dhroichid Bhóthair ar fud an Chontae agus iad a Fheabhsú	Maoiniú Deontais go Sonrach le haghaidh Feabhsaithe do Dhroichid Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	Líon na nDroichead a ndearnadh Suirbhéireacht, Cothabháil agus Feabhsú orthu ar bhonn Bliantúil.	Rátálacha atá ann cheana de Bhail na nDroichead Réigiúnach & Áitiúil

# Iompar

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
Bóithre - Iompar Inbhuanaithe	<p>An bonneagar agus seirbhísí do choisithe, rothaíocht agus luchtú d'fheithiclí leictreacha a fheabhsú agus a fhorbairt ionas go mbeifear in ann aistriú a dhéanamh chuig modhanna inmharthana iompair ó thaobh an chomhshaoil de</p> <p>Seirbhís Bus Baile a chur ar fáil do Phort Laoise &amp; An Ghráig</p> <p>Gréasán pointí luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha a chur ar fáil.</p> <p>Gealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta laghdaithe carbóin a chur san áireamh nuair atá bonneagar nua bóithre á dhearadh, agus seirbhísí poiblí soilsithe a chur ar fáil agus a oibriú.</p>	Leanúint de bheith ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann le go mbeidh soláthar ann do gach modh iompair ionas go mbeidh an contae níos nasctha;	Áiseanna nua ar forbraíodh iad faoi Chláir mhaoinithe a mheas	Measúnú ar na háiseanna atá ann faoi láthair sna bailte áirithe

# Iompar

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Bóithre – Sábháilteacht	<p>Plé a dhéanamh le gach ceann de na gníomhaireachtaí ábhartha a bhfuil baint acu le Sábháilteacht Bóithre a chur chun cinn agus a fheabhsú ar fud an Chontae</p> <p>Staidéir agus iniúchtaí ar bhainistíocht tráchta a chur i gcrích inár lárionaid uirbeacha chun lochtanna sa bhainistíocht tráchta a aithint agus chun deiseanna a aimsiú ionas gur féidir gníomhú chun na lochtanna a chur ina gceart;</p>	<p>Scéimeanna Sábháilteachta ar Ísealchostas arna maoiniú ag an Roinn Iompar, Turasóireachta agus Spóirt</p> <p>Cláir Mionoibreacha HD 15 agus HD 17 arna maoiniú ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta</p> <p>Straitéis Sábháilteachta Bóithre na Laoise a chur chun cinn</p> <p>Cothabháil a dhéanamh ar Bhonneagar Bealaí Tráchta agus Soilsiú Poiblí</p>	<p>Roinnt Scéimeanna Feabhsaithe Sábháilteachta á ndéanamh ar bhonn bliantúil</p> <p>Monatóireacht a dhéanamh ar Shonraí Timpistí ar bhonn bliantúil</p> <p>Deireadh a chur le Baill Dhubha Timpistí</p>	<p>Staitisticí Timpistí atá ann atá ar fáil don Chontae</p>
Bóithre – Beartas Iompair	<p>Beartais a fhorbairt a bhfuil sé ar aidhm acu riachtanais áirithe iompair an Chontae a shásamh, in éineacht leis an gCoiste um Beartais Straitéiseacha</p>	<p>Cruinnithe ráithiúla den Choiste um Beartais Straitéiseacha chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas.</p>	<p>Méid áirithe beartais bhreise agus beartais athbhreithnithe arna mbeartú i gcaitheamh na Bliana.</p>	<p>Líon na mBeartas reatha atá ann agus i bhfeidhm faoi láthair.</p>

# Seirbhísí Uisce

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriochta
Scéimeanna Poiblí Uisce agus Fuíolluisce	Obair a dhéanamh i gcomhar le hUisce Éireann i gcomhréir leis an gComhaontú Seirbhíse le cinnte a dhéanamh de go ndéanfar soláthar sábháilte seasmhach a chur ar fáil do mhuintir Laoise ar féidir a bheith ag brath air. Cabhair a thabhairt d'Uisce Éireann feabhas a chur ar chaighdeán an eisiltigh a sceitear ó na hIonaid Cóireála Fuíolluisce. Ag obair dá réir sin i gcomhar le hUisce Éireann chun sláinte phoiblí custaiméirí Uisce Éireann a chosaint, chomh maith lena gcuid riachtanas a shásamh, agus tacú le forbairt shocheacnamaíoch an Chontae.	Comhaontú Leibhéal Seirbhíse idir Comhairle Contae Laoise agus Uisce Éireann.  Plean Infheistíochta Caipitiúla Uisce Éireann ó 2019 go 2024.	Plean Bliantúil Seirbhíse Uisce Éireann/Chomhairle Contae Laoise 2020, agus Pleananna Bliantúla Seirbhíse dá éis sin	Is é 80% den leibhéal foriomlán feidhmíochta an bonnline
Soláthairtí Priobháideacha Uisce agus Fuíolluisce (Grúpscéimeanna Uisce agus Fuíolluisce) agus Soláthairtí Beaga Priobháideacha Uisce.	Leanúint de thacaíocht airgeadais, riaracháin agus theicniúil a chur ar fáil don Grúpscéim Uisce, le cinnte a dhéanamh de go gcuirfear soláthar uisce seasmhach ar fáil do phobal na tuaithe agus na feirmeoireachta.  Sláinte phoiblí mhuintir Laoise a chosaint agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt shocheacnamaíoch na hearnála talmhaíochta.	Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019 go 2021	Na tionscaddail atá sna Cláir Ilbhliantúla Uisce Tuaithe a chur i gcrích le cinnte a dhéanamh de go dtabharfar an infheistíocht is gá a thabhairt do na Grúpscéimeanna Uisce chun bearta caomhnaithe uisce, bainistíocht fheabhsaithe sócmhainní agus éifeachtúlacht fheabhsaithe a chur chun cinn.	Na spriocanna a leagtar amach sa Chlár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe



# Seirbhísí Uisce

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
	<p>Feabhas a chur ar chaighdeán an uisce i Soláthairtí Beaga Priobháideacha Uisce a bhfuil úsáid tráchtála nó phoiblí ag baint leo, agus mar sin de sláinte phoiblí leanaí scoile agus réamhscoile, daoine scothaosta, agus cuairteoirí chuig ár gContae a chosaint.</p> <p>Cás Gnó 5 bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le Saotharlann Chomhairle Contae Laoise a leathnú agus a fheabhsú, saotharlann ag a bhfuil creidiúnú INAB</p>	<p>Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil) 2014, I.R. 122/2014, arna leasú</p> <p>Tacaíocht a thabhairt do Sheirbhís Chomhroinnte Náisiúnta LA a chur i bhfeidhm maidir le soláthar don Earnáil Uisce Tuaithe</p> <p>Tacaíocht a thabhairt do Ghréasán Saotharlann Creidiúnaithe ag an Údarás Áitiúil a chur i bhfeidhm</p>	<p>Líon na ngrúpscéimeanna uisce poiblí a rachaidh Uisce Éireann ina bhfeighil le linn shaolré an phlean seo a uasmhéadú.</p> <p>Leanúint ar aghaidh le cothabháil na nGrúpscéimeanna Uisce Priobháideacha a fhóirdheonú le cúnamh ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.</p> <p>NOAC</p> <p>Spriocanna chun an tseirbhís a leathnú agus creidiúnú a fheabhsú</p>	<p>Comhlíonadh 95.95% le E. coli</p> <p>&gt;5,000 sampla gach bliain in 2020 le méadú go &gt;9,000 arna dtástáil sa tSaotharlann faoi 2023</p>

# Sláinte & Sábháilteacht

---

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Sláinte & Sábháilteacht	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, Uimh. 10 de reachtaíocht 2005, agus gach píosa eile bainteach léi a chomhlíonadh.	Córas Bainistíochta Sábháilteachta agus Ráiteas Sábháilteachta Chomhairle Contae Laoise 2020 go 2021 agus gach Córas Bainistíochta Sábháilteachta dá éis sin fad a mhairfidh an Plean Corparáideach	Na spriocanna d'Iniúchtaí Sábháilteachta agus oiliúint riachtanach a bhaint amach, agus gnímh cheartaítheacha a chur i bhfeidhm	Faoi mar a leagtar amach sa chlár bliantúil oibríochta

# Comhshaol

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
Cosaint an Chomhshaoil	<p>An comhshaol a fheabhsú, a chosaint agus a chaomhnú ar mhaithe leis na glúnta san am i láthair agus atá le teacht</p> <p>Feabhas a chur ar stádas an uisce i ngach dobharlach</p> <p>An tsláinte phoiblí a chosaint, caighdeán an aeir a fheabhsú agus cothabháil a dhéanamh air, agus cosaint roimh thruailliú ó thorann</p> <p>Timpeallacht shláintiúil agus shábháilte oibre a chur ar fáil</p>	<p>Reachtaíocht Náisiúnta &amp; AE</p> <p>An Treoir Réime Uisce</p> <p>An Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021</p> <p>Plean Náisiúnta Cigireachta na gCóras Cóireála Fuíolluisce ar an Láithreán</p> <p>Plean Forfheidhmithe Comhshaoil Chomhairle Contae Laoise (RMCEI)</p> <p>Tacú le hoibríochtaí LAWCO &amp; LAWPRO</p> <p>Córas Bainistíochta Sábháilteachta Chomhairle Contae Laoise</p>	<p>Clár na nGearán Comhshaoil</p> <p>Cigireachtaí a dhéanamh ar aon dul le Plean Forfheidhmithe Comhshaoil Chomhairle Contae Laoise (RMCEI)</p> <p>Sampláil Dobharlach</p> <p>Cigireacht na gCóras Cóireála Fuíolluisce ar an Láithreán</p> <p>Cigireachtaí Feirme</p> <p>Ceadúnais Faoi Alt 4</p> <p>Iarratais Phleanála Athbhreithnithe &amp; Ordaithe ó dhearcadh an Chomhshaoil</p>	<p>Na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Forfheidhmithe Comhshaoil Chomhairle Contae Laoise (RMCEI) a bhaint amach</p>
*Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramháiola	<p>Feabhas a chur ar an dtimpeallacht nádúrtha agus thógtha, agus í a chosaint agus a chur chun cinn, chun leasa mhuintir an lae inniu agus na nglúnta atá le teacht</p> <p>Sláinte an duine agus an timpeallacht a chosaint ar thionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar dhramhaíl a ghiniúint, a bhailiú, a iompar, a chóireáil, a stóráil agus a dhiúscairt.</p>	<p>Reachtaíocht Náisiúnta &amp; AE</p> <p>Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramháiola an Oirthir agus Lár na Tíre a chur i bhfeidhm</p> <p>Plean Forfheidhmithe Comhshaoil Chomhairle Contae Laoise (RMCEI)</p> <p>Tacú le feidhmiú EMWERL</p>	<p>Clár na nGearán Comhshaoil</p> <p>Cigireachtaí a dhéanamh agus athbhreithnithe a cheadú ar aon dul le Plean Forfheidhmithe Comhshaoil Chomhairle Contae Laoise (RMCEI)</p> <p>Cigireacht a dhéanamh ar Shealbhóirí Ceadá</p>	<p>Na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Forfheidhmithe Comhshaoil Chomhairle Contae Laoise (RMCEI) a bhaint amach</p>

# Comhshaol

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
	Timpeallacht shláintiúil agus shábháilte oibre a chur ar fáil	Córas Bainistíochta Sábháilteachta Chomhairle Contae Laoise	Athbhreithniú a Dhéanamh ar Thuairisceáin Bhliantúla Chomhshaoil  Áiseanna athchúrsála a chur ar fáil agus a choimeád laistigh de Chontae Laoise  Athbhreithniú a Dhéanamh ar Iarratais Phleanála agus Coinníollacha a Leagan Síos ó thaobh an Chomhshaoil de	
Bainistíocht Bruscair	Bruscar a chosc, a rialú agus a bhainistiú  Feasacht an phobail a spreagadh agus a chur chun cinn  Áiseanna Dramhaíola a Chur ar Fáil  Comhpháirtíocht le Pobail agus Gnó  Na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar a fhorfheidhmiú  Timpeallacht shláintiúil agus shábháilte oibre a chur ar fáil	Reachtaíocht Náisiúnta & AE  An Plean Bainistíochta Dramhaíola 2018-2020  Córas Bainistíochta Sábháilteachta Chomhairle Contae Laoise	Clár na nGearán Comhshaoil  Cigireachtaí a dhéanamh ar aon dul le Plean Forfheidhmithe Comhshaoil Chomhairle Contae Laoise (RMCEI)	Na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Forfheidhmithe Comhshaoil Chomhairle Contae Laoise (RMCEI) a bhaint amach

# Seirbhísí Dóiteáin

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Oibriúcháin Briogáide Dóiteáin	Soláthar a dhéanamh maidir le daoine a tharrtháil nó a chosaint agus réadmhaoin a chosaint i gcás dóiteáin agus éigeandálaí eile	<p>Creatlach maidir le Sábháilteacht Dóiteáin in Éirinn, “Pobail a Choinneáil Slán”</p> <p>Staidéar Bonnline maidir le Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála ó 2010</p> <p>Catagóiriú Riosca do Cheantar Laoise 2014</p>	Eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) chun measúnú a dhéanamh ar fhreagairt na Seirbhísí ar theagmhais Éigeandála.	<p><b>ETFanna 2018</b></p> <p>F2 Dóiteán – 5:48 nóiméad F2 S/S – 5:11 nóiméad</p> <p>F3 Dóiteán &lt; 10 nóim: 36.39% 10 – 20 nóim: 52.92% &gt; 20 nóim: 10.80%</p> <p>F3 S/S &lt; 10 nóim: 33.45% 10 – 20 nóim: 50.91% &gt; 20 nóim: 15.64%</p>
Infreastruchtúr Seirbhísí Dóiteáin	Infreastruchtúr sásúil a chur ar fáil don tseirbhís dóiteáin	<p>Clár Caipítíl na Stiúrhóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála</p> <p>Clár Caipítíl do Stáisiúin Dóiteáin de chuid Chomhairle Contae Laoise</p>	<p>Fearais agus trealamh a sholáthar</p> <p>Stáisiúin agus áiseanna dóiteáin a thógáil agus a fheabhsú</p>	<p><b>2018</b></p> <p>Aicme B nua amháin 4x4 nua amháin Aicme B dara láimhe amháin Aonad Freagartha Teagmhas (IRU) dara láimhe amháin</p> <p><b>2018</b> NIALASACH</p>
Cosc ar Dhóiteán	Soláthar a dhéanamh chun an pobal a chosaint ar ghuais dóiteáin sa timpeallacht thógtha	<p>Creatlach maidir le Sábháilteacht Dóiteáin in Éirinn, “Pobail a Choinneáil Slán”.</p> <p>Rialacháin Rialaithe Tógála</p>	<p>Cigireachtaí Sábháilteachta Dóiteáin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 &amp; 2003</p> <p>Líon na "gCigireachtaí le linn Feidhmithe" a rinneadh le linn na bliana.</p> <p>P5 ETF - Tréimhse ama le haghaidh Measúnú teicniúil ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán</p>	<p><b>2018: 30</b></p> <p><b>2018: 50</b></p> <p><b>P5: 2018</b> % cinní (ceadaithe nó diúltaithe) taobh istigh de 2 mhí – 62.86%</p> <p>% cinní (ceadaithe nó diúltaithe) le síntí a comhaontaíodh leis an iarratasóir – 28.57%</p>

# Seirbhísí Dóiteáin

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibriúcháin
Sábháilteacht Dóiteáin an Phobail	Laghdú a dhéanamh ar líon na dtinte agus éigeandálaí eile a chuireann daoine i mbaol a mbáis.	<p>Creatlach maidir le Sábháilteacht Dóiteáin in Éirinn, "Pobail a Choinneáil Slán"</p> <p>Beartas Sábháilteachta Dóiteáin Pobail Chomhairle Contae Laoise</p> <p>Clár Bunscoileanna</p>	<p>Laghdú ar líon iomlán na dteagmhas, ach go háirithe líon na dtinte marfacha</p> <p>Líon na gcainteanna maidir le Sábháilteacht Dóiteáin a chuirtear i láthair an phobail agus grúpaí eile</p> <p>An "Clár Bunscoileanna" maidir le Sábháilteacht Dóiteáin a sholáthar do gach dalta den tríú rang i gContae Laoise</p>	<p>2018 Ní bhfuair aon duine bás i dtine</p> <p>2018: 10</p> <p>2018: 64 3ú Rang i mBunscoileanna, 1833 dalta</p>
Bainistíocht Móréigeandálaí	Cumas na Comhairle a ullmhú agus a choimeád ionas go mbeidh sí ábalta a feidhmeanna a chur i gcrích i gcás Móréigeandála, drochaimsire nó teagmhas criticiúil ar bith a d'fhéadfadh a bheith fógartha.	Riosca a aithint agus a bhainistiú agus ullmhúchán a dhéanamh chun freagairt ar éigeandálaí de réir na Creatlaí um Bhainistíocht Móréigeandálaí	Measúnú Bliantúil "STRONG" ar Bhainistíocht Móréigeandálaí a bheith againn	2018 Measúnú "STRONG" ar Bhainistíocht Móréigeandálaí



# Pleanáil & Forbairt

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Pleanáil Chun Cinn	Creatlach faoi stiúir pleanála a fhorbairt chun treoir a thabhairt d'fhorbairt an chontae atá ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus leis an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíoch agus prionsabail na forbartha inbhuanaithe.	Leanúint d'ionchur a dhéanamh i bhforbairt beartais Náisiúnta agus réigiúnaigh. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae agus Pleananna Ceantair Áitiúil agus a chinntiú go gcuirtear impleachtaí comhshaoil san áireamh sna próisis Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta/Measúnú Oiriúnachta	Glacadh le pleananna úsáide talún – Plean Forbartha Contae/ LAPS taobh istigh de thréimhsí ama reachtúla  Líon na dTreoracha a dhreachtaiigh Oifig an Rialaitheora Pleanála maidir le pleananna úsáide talún a bheith ag cloí le	Plean Ceantair Áitiúil Phortlaoise 2018-2024 ar glacadh leis in 2018 Plean Ceantair Áitiúil Chúil an tSúdaire ar glacadh leis in 2018 Plean Ceantair Áitiúil Mhóinteach Mílic ar glacadh leis in 2018 Níl aon bhonnlíne maidir le treoracha mar cuireadh Oifig an Rialaitheora Pleanála ar bun in 2019
Bainistíocht Forbartha	A chinntiú go gcuireann an próiseas Bainistíochta Forbartha seirbhís ar ardchaighdeán ar bhealach éifeachtúil, cóir agus comhsheasmhach ar fáil do gach custaiméir ar aon dul le pleanáil agus forbairt inbhuanaithe cheart	Leanúint de sheirbhís réamhphleanála a chur ar fáil sula gcuirtear isteach iarratais phleanála.  A chinntiú go ndéantar gach iarratas a Dheimhniú ar bhealach éifeachtúil, cóir agus comhsheasmhach ar aon dul leis an reachtaíocht chúil.  A chinntiú go ndéantar gach cinneadh pleanála i ndiaidh measúnú eolasach a dhéanamh.	Líon na gcruinnithe réamhphleanála a tionóladh  Líon na n-iarratas bailí  % na n-iarratas inar dhearbhaigh An Bord Pleanála an cinneadh  Costas per capita chun an tseirbhís pleanála a chur ar fáil	2018 - 448  2018 - 610  2018 - 100  2018 - €21.88

# Pleanáil & Forbairt

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Forfheidhmiú Pleanála	Seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil Forfheidhmithe Pleanála a chur ar fáil ar aon dul le reachtaíocht Phleanála	Scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus bearta cuí forfheidhmithe a ghlacadh ar bhealach tráthúil chun sárúithe a réiteach agus / nó teacht ar réitigh ionas go gcinnteofar comhlíonadh na reachtaíochta.  Athbhreithniú agus feabhas a chur ar nósanna imeachta forfheidhmithe Pleanála go rialta.	Líon na gcásanna forfheidhmithe a dúnadh mar a thángthas ar réiteach	2018 - 130
Rialú Foirgneamh	Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán Tógála agus an córas bainistíochta rialaithe tógála a chur i bhfeidhm ar aon dul leis an reachtaíocht ábhartha rialaithe tógála.	Na córais chigireachta a choimeád agus a fheabhsú.  Imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus bearta cuí a ghlacadh ar bhealach tráthúil chun sárúithe a réiteach agus / nó teacht ar réitigh	Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	2018 - 12.21%

# Pleanáil & Forbairt

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Forbairtí Tithíochta Neamhchríoch naithe	Leanúint d'eastáit a ghlacadh ar láimh ar bhealach éifeachtúil atá ag teacht le Treoirínte Náisiúnta agus Reachaíocht Forbartha Pleanála	<p>A chinntiú go bhfuil Bannaí ann sula gcuirtear tús le haon fhorbairt chónaithe nua</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí agus próiseas Glacadh ar Láimh i gcomhar le gach príomhpháirtí leasmhar chun a chinntiú go gcomhlíonfar reachtaíocht phleanála agus forbartha.</p> <p>Clár na nEastát Neamhchríochnaithe a choimeád agus a nuashonrú</p> <p>Iarratais ar ghlacadh ar láimh i dtaca le heastáit a phróiseáil ar bhealach tráthúil agus leanúint d'eastáit a ghlacadh ar láimh</p>	<p>Líon na mBannaí ar bun tar éis tús a chur le forbairt</p> <p>Polasaí nua i bhfeidhm</p> <p>Líon na n-eastát atá Glactha ar Láimh gach bliain</p>	<p>Glacadh leis an bpolasaí Glacadh ar Láimh in 2013</p> <p>2018 - 11 eastát</p>
Láithreáin Tréigthe	Úsáid a bhaint as an Acht um Láithreáin Thréigthe agus an Reachtaíocht maidir le Tobhaigh ar Láithreáin Fholmha chun Ceantair atá ag meath a athnuachan	<p>Clár na Láithreán Tréigthe a choimeád agus a nuashonrú</p> <p>Laghdú a dhéanamh ar líon na láithreán tréigthe trí fhorálacha an Achta um Láithreáin Thréigthe a fhorfheidhmiú</p>	<p>Líon na láithreán nach bhfuil tréigthe mar gheall ar úsáid a bhaint as Reachtaíocht Láithreán Tréigthe</p> <p>Líon na láithreán a baineadh den chlár tar éis tús a chur le forbairt / gníomhachtú an tsuímh</p>	

# Pleanáil & Forbairt

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Oidhreacht	<p>Oibriú i gcomhar le príomhpháirtit he leasmhara chun seirbhís oidhreachta ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Chontae Laoise</p> <p>Oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúir a aithint agus a chaomhnú</p>	<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Oidhreachta Contae agus ceann nua a ullmhú don tréimhse 2020-2025</p> <p>Bearta an Phlean Oidhreachta Contae a chur i bhfeidhm</p> <p>Deachleachtas i mbainistíocht agus i gcaomhnú a chur ar bun agus a chur chun cinn.</p> <p>Feasacht ar oidhreacht Chontae Laois a ardú agus é a chur chun cinn le go mbainfidh daoine sult aisti</p>	<p>Plean nua glactha ag an gComhairle in 2020</p> <p>Líon na mbeart a chuirtear i bhfeidhm</p> <p>Líon na n-imeachtaí a bhaineann le hoidhreacht a chuirtear ar siúl sa Chontae</p>	<p>In 2018, thacaigh an Oifig Oidhreachta le 85 imeacht oidhreachta</p>
Leathanbhanda	<p>Comhoibriú le Tionscnaimh an Rialtais chun an acmhainneacht a bhaineann le nascacht leathanbhanda a bheith ar fáil ar fud an Chontae a uasmhádú</p> <p>Tacú le soláthar leathanbhanda ardluais ar fud an Chontae</p>	<p>Leanúint de thacú leis na tionscnaimh trí Oifigeach Leathanbhanda a chur ar fáil</p>	<p>Straitéis Áitiúil Dhigiteach nua glactha ag an gComhairle in 2020</p>	<p>Níl aon bhonnlíne maidir le soláthar na Straitéise mar níor cuireadh clár an Oifigigh Leathanbhanda ar bun ach in 2017</p>

# Fiontar Áitiúil / Tacaíocht Gnó

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Fiontar Áitiúil / Tacaíocht Gnó	Cur le timpeallacht bhríomhar a thacaíonn le fiontraithe agus a bhfiontair nua agus forbairt agus fás na ngnólachtaí atá sa chontae cheana féin	<p>Eolas agus faisnéis ghinearálta ghnó a chur ar fáil;</p> <p>Comhairle agus eolas ar rátaí, pleanáil, ceadúnú, etc.;</p> <p>Leanúint d'eolas faoi agus rochtain ar sheirbhísí eile rialtais a chur ar fáil;</p> <p>Comhairle agus eolas do ghnólachtaí áitiúla maidir le rochtain a fháil ar phróisis soláthair phoiblí, oiliúint agus soláthar ceardlanna san áireamh;</p> <p>Comhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh; forbairt inbhuanaithe agus foinsí malartacha fuinnimh inathnuaite.</p> <p>Foinse eile maoinithe ag an leibhéal náisiúnta a aithint a dhéanfaidh éascaíocht ar thacaíochtaí a chur ar fáil d'earnálacha ar a ndírítear i nGeilleagar Laoise, mar shampla Bia agus Deoch</p>	<p>Eolas ar an réimse tacaíochtaí atá ar fáil a fheabhsú i measc fiontraithe atá ann agus fiontraithe a d'fhéadfadh a bheith ann.</p> <p>Feasacht níos airde ar ról na hOifige Fiontair Áitiúil/Chomhairle Contae Laoise maidir le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí beaga.</p>	

# Fiontar Áitiúil / Tacaíocht Gnó

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriochta
	Oibriú le gnólachtaí beaga chun tacú leis an bpróiseas tionscnaimh, fás agus forbairt	<p>Tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil le haghaidh an phróisis tionscnaimh agus forbairt gnó</p> <p>Éascaíocht a dhéanamh ar rochtain ar fhoinsí malartacha maoinithe</p> <p>Clár oiliúna a chur le chéile chun riachtanais gnólachtaí nua/reatha a chomhlíonadh</p> <p>Caidrimh a chothú le cliaint reatha chun tacú le hiarrachtaí forbartha</p> <p>Rochtain ar spás fiontair tráchtála</p> <p>Tacaíochtaí margaíochta a chur ar fáil do FBManna</p> <p>Meantóireacht</p> <p>Deiseanna líonraithe a chur ar fáil</p> <p>Seirbhísí le hinrochtaineacht gréasáin a fhorbairt a bhfuil béim acu ar thrádáil ar líne</p> <p>Conair chuig Fiontraíocht Éireann do ghnólachtaí nuathionscanta a bhfuil an-chumas acu</p>	<p>Líon na bpost a cruthaíodh</p> <p>Líon na ngnólachtaí nuathionscanta</p> <p>Líon na ndeontas a ceadaiódh</p> <p>Líon na rannpháirtithe oiliúna</p> <p>Líon na bpost a dtacaítear leo chun táirgiúlacht a fhás agus a choimeád ag imeacht</p> <p>Líon na seisiún Meantóireachta a tugadh</p> <p>Líon na ndearbhán Trádála Ar Líne a ceadaiódh</p> <p>Líon na gcliant a aistríodh chuig Fiontraíocht Éireann</p>	

# Fiontar Áitiúil / Tacaíocht Gnó

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriochta
	Tacaíocht chuí a chur ar fáil chun tacú le fiontraíthe fiontair nua a chruthú i Laois, ach go háirithe iad siúd a bhfuil an cumas fáis agus forbartha acu.	<p>Fiontraíocht mar rogha ghairme a chur chun cinn i mbunscoileanna agus i meánscoileanna</p> <p>Fiontraíocht na mban a chur chun cinn trí chláir spriodhártha a bhaineann go sonrach le hinscne a sholáthar</p> <p>Naisc leis an 3ú leibhéal a fhorbairt</p> <p>Clinic/Seimineáir Fiontair</p> <p>Gníomhaíochtaí Bolscaireachta Fiontair</p>	<p>Líon na scoileanna a ghlacann páirt i gClár na nGradam Fiontair do Scoláirí</p> <p>An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn a chur chun cinn</p> <p>Líon na bhfiontraíthe ban lena dtacaítear</p> <p>Caidreamh leanúnach le IT Cheatharlach</p> <p>Fiontar a chur chun cinn i measc lucht sprice níos leithne trí Sheachtain Náisiúnta Fiontair/An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta</p>	
	Laois a chur chun cinn mar áit den scoth chun infheistíocht a dhéanamh inti	<p>Laois a chur chun cinn mar áit le gnó a dhéanamh inti agus timpeallacht atá fabhrach do ghnólachtaí a chruthú i Laois d'fhonn infheistíocht isteach a mhealladh</p> <p>Gnólachtaí a spreagadh chun iad féin a lonnú i Laois tríd an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha</p> <p>Páirc Náisiúnta Fiontair J17 ag Teamhair, Port Laoise, a chur chun cinn</p> <p>Úsáid foirgneamh tráchtála folamh laistigh de cheantair ainmnithe i gContae Laoise trí na</p>	<p>Líon na ngnólachtaí nua a lonnaíonn i gContae Laoise</p> <p>Líon na ngnólachtaí a lonnaíonn i bPáirc Náisiúnta Fiontair J17</p> <p>Líon na ngnólachtaí a bhaineann úsáid as Scéim Dreasachta Gnó</p>	

# Fiontar Áitiúil / Tacaíocht Gnó

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
		<p>Scéimeanna Dreasachta Gnó a spreagadh</p> <p>Tacú le beocht agus brí na lárionad baile agus sráidbhaile i Laois tríd an Scéim Deontais chun Feabhas a chur ar Aghaidheanna Siopaí</p> <p>Tacú le gnólachtaí beaga agus iad a spreagadh faoin Scéim Dreasachta Luathíocaíochta</p> <p>Feabhas a chur ar shráid-dreach agus ríocht phoiblí Bhaile Phort Laoise tríd an Scéim um Fheabhas Façade</p> <p>Leanúint d'athnuachan Lár Bhaile Phort Laoise a chur i bhfeidhm le Foireann Bhaile Phort Laoise</p>	<p>Líon na ndeontas aghaidheanna siopaí a ceadaíodh</p> <p>Líon na ngnólachtaí a bhaineann úsáid as Scéim Dreasachta Luathíocaíochta</p> <p>Líon na ngnólachtaí a bhaineann úsáid as Scéim um Fheabhas Façade</p> <p>Baile bríomhar faoi bhláth a dhéanamh de Phort Laoise trí na cuspóirí a sainaithníodh i bPlean Gníomhaíochta Fhoireann Bhaile Phort Laoise</p>	



# Pobal

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Pobal	Tacú leis an gCoiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil agus a phlean a chur i bhfeidhm	<p>Pobail Inbhuanaithe, Ionchuimsitheach agus Cumhachtaithe - Straitéis 5 Bliana</p> <p>Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP)</p> <p>Plean Laois Shláintiúil 2018 - 2020</p> <p>Clár Forbartha Tuaithe na hÉireann LEADER 2014 - 2020</p>	<p>Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm</p> <p>Foireann Feidhmithe le haghaidh Laois Shláintiúil</p>	Spriocanna an Chláir LEADER
	<p>Obair chun laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht, Ionchuimsiú Sóisialta, Imeascadh agus Comhionannas a chur chun cinn trí chaidreamh a dhéanamh agus comhoibriú ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta</p> <p>Tacú le hobair an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, rud a chuireann ar chumas an phobail ról gníomhach a ghlacadh i gceapadh beartas agus coistí maoirseoireachta Chomhairle Contae Laoise</p>	<p>An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) 2018-2022</p> <p>Straitéis Imeasctha Laoise (údarás faoi stiúir Chomhpháirtíocht Laoise)</p> <p>Dualgas Earnála Poiblí</p> <p>Clár Oibre Líonra Rannpháirtíochta Pobail</p> <p>Comhaontú seirbhíse idir Comhairle Contae Laoise agus an Líonra Rannpháirtíochta Pobail</p> <p>Maoiniú tiomnaithe a sholáthar ag an leibhéal náisiúnta/áitiúil</p>	<p>Athbhreithniú leathbhliantúil</p> <p>Táscaire Feidhmíochta Y2</p> <p>% na n-eagraíochtaí ar Chlár an Chontae a roghnaigh páirt a ghlacadh sa Choláiste Ionchuimsithe Shóisialta laistigh den Líonra Rannpháirtíochta Pobail</p> <p>Táscaire Feidhmíochta Y2. % na n-eagraíochtaí ar Chlár an Chontae a roghnaigh páirt a ghlacadh sa Choláiste Ionchuimsithe Shóisialta laistigh den Líonra Rannpháirtíochta Pobail</p> <p>Líon na mBord/Coistí a n-éascaíonn an Líonra Rannpháirtíochta Pobail ionadaíocht orthu</p>	Spriocanna an Chláir SICAP

# Pobal

	Rannpháirtíocht dhaoine óga i bhforbairt an Chontae amach anseo a spreagadh agus a chur chun cinn	Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP)  Comhairle na nÓg  Coistí Seirbhíse do Leanáil agus Daoine Óga  Plean Laois Shláintiúil 2018 - 2020	Táscairí Feidhmíochta Y1 % na siopaí áitiúla a bhfuil páirt acu sa Chomhairle Óige Áitiúil/Comhairle na nÓg  Plean bliantúil Chomhairle na nÓg	
	Tacú le soláthar agus cur i bhfeidhm Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Aoisbháil Laoise	Straitéis Aoisbháil Laoise  Plean Laois Shláintiúil 2018 - 2020	Tuarascáil Bhliantúil ar chur i bhfeidhm	
	Tacú le agus cur chun cinn a dhéanamh maidir le hathnuachan ár mbailte agus sráidbhailte.	An Scéim Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte  An Ciste um Fhorbairt Athghiniúna Tuaithe	Tionscādail a thabhairt chun críche go rathúil.	
<b>An Rannóg Ealaíon</b>	Comhdheiseanna a chur chun cinn, a éascú agus tacú leo do gach duine chun páirt a ghlacadh sa Chlár Ealaíon	Plean Ealaíon Laoise 2018-2022  Contae Laoise – Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022	Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm	Creatchomhaontú na Comhairle Ealaíon
<b>Spórt, Fóillíocht agus Súgradh</b>	A chinntiú go ndéantar spórt, fóillíocht agus súgradh a phleanáil ionas go mbeidh siad ina gcodanna comhtháite, cuimsitheacha agus inbhuanaithe d'fhorbairt Chontae Laoise  Cabhrú le Grúpaí Pobail chun sócmhainní áitiúla fóillíochta a fhorbairt	Straitéis Spóirt, Fóillíochta agus Súgartha Chomhairle Contae Laoise 2018-2022  Straitéis Spóirt, Fóillíochta agus Súgartha Chomhairle Contae Laoise 2018-2022	Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm  Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm	

# Pobal

<p>Tionscnaimh a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide &amp; Pobal</p>	<p>Méadú a chur ar eolas agus tuiscint ar an athrú aeráide, athléimneacht a fhás agus freagairtí éifeachtacha ar na bagairtí a chuireann an t-athrú aeráide romhainn a chumasú</p>	<p>Straitéis Náisiúnta um an Athrú Aeráide</p> <p>Straitéis Oiriúnaithe Chomhairle Contae Laoise um Athrú Aeráide</p>	<p>Na Straitéisí agus spriocanna ábhartha a chur i bhfeidhm</p>	
	<p>Oibriú le scoileanna agus grúpaí chun feasacht ar an gcomhshaol a ardú.</p>	<p>Clár na Scoileanna Glasa</p> <p>An Scéim Deontas Pobail</p> <p>Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail (Clár Áitiúil 21)</p>	<p>Táscaire Feidhmíochta E4 % scoileanna ar bronnadh stádas brataí glaise orthu</p> <p>Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm</p>	
	<p>Tionscnaimh forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú ag leibhéal an phobail.</p>	<p>Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail (Clár Áitiúil 21)</p> <p>An Scéim Deontas Pobail</p>	<p>Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm</p>	
	<p>Tacú le tionscnaimh forbartha pobail maidir leis an gcomhshaol agus iad a éascú</p>	<p>Cónaidhm na mBailte Slachtmhara</p> <p>Scéim Deontas na mBailte Slachtmhara</p> <p>Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail (Clár Áitiúil 21)</p>	<p>Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm</p> <p>Clár Náisiúnta Ghradaim na mBailte Slachtmhara</p>	
<p>Reiligi</p>	<p>Tacaíocht a dhéanamh do agus éascaíocht a dhéanamh ar bhainistíocht reiligi</p>	<p>Caidreamh a dhéanamh le coistí agus cláraitheoirí reiligi</p>	<p>Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm</p>	

# Cur Chun Cinn an Chontae

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Cur Chun Cinn an Chontae	<p>Contae Laoise a chur chun cinn mar Cheann Scribe do Thurasóirí i gcoilár Oirthear Ársa na hÉireann a bhfuil luach ag baint léi, agus obair a dhéanamh ar a shon sin i gcomhar le Gníomhaireachtaí Stáit eile.</p> <p>Oibriú i gcomhar le hEagraitheoirí agus Grúpaí Féilte chun forbairt bhreise a dhéanamh ar fhéilte agus imeachtaí a rachaidh chun tairbhe shóisialta agus eacnamaíoch an Chontae</p>	<p>Tacú le tionscadail Turasóireachta chun an leas is mó is féidir a bhaint as Turasóireacht i gContae Laoise.</p> <p>Foinsí maoinithe a aithint a dhéanfaidh éascaíocht ar sholáthar infreastruchtúir chuí ag Taitneamhachtaí Turasóireachta sa Chontae.</p> <p>Lántairbhe a bhaint as an deis a chuireann Oirthear Ársa na hÉireann ar fáil chun feabhas a chur ar áiseanna do chuairoteoirí ag áiteanna tábhachtacha i Laois i gcomhar le pobail áitiúla agus comhlachtaí poiblí.</p> <p>Éascaíocht a dhéanamh ar Scéim Deontas Turasóireachta d'Fhéilte agus Imeachtaí.</p> <p>Comhoibriú le coistí féilte nua agus reatha chun forbairt a dhéanamh ar chlár féilte don Chontae gach bliain.</p>	<p>Forbraítear agus cuirtear chun críche tionscnaimh Turasóireachta féideartha.</p> <p>Cuirtear iarratas isteach ar fhoinsí maoinithe chun nuashonruithe / feabhsuithe ábhartha ar thaitneamhachtaí turasóireachta sa Chontae a éascú.</p> <p>Suímh Oidhreachta agus taitneamhachtaí Turasóireachta i Laois a chur chun cinn go leanúnach agus infheistíocht a dhéanamh más féidir chun na háiseanna ann a fheabhsú.</p> <p>Scéim Deontas Turasóireachta bhliantúil i bhfeidhm.</p> <p>Féile imeachtaí ó cheann ceann na bliana a tharraingíonn aird ar a bhfuil le cur ar fáil ag Laois.</p> <p>Eolas do Thurasóirí</p>	

# Cur Chun Cinn an Chontae

---

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
	Leanúint ar aghaidh leis an tacaíocht do Thurasóireacht Laoise chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an tairiscint turasóireachta agus feabhas a chur ar áiseanna eolais do thurasóirí agus eolas ar líne do chuartheoirí ar an gContae.	Comhoibriú a dhéanamh maidir le seirbhísí eolais níos fearr do thurasóirí a fhorbairt agus suíomh gréasáin nua a thógáil do chuartheoirí ar Laois agus do mhuintir Chontae Laoise.	seirbhís ar fáil ar feadh na bliana. Suíomh gréasáin chun feabhas a chur ar eolas ar líne do na cuairteoirí ar an gcontae curtha i gcrích agus ag feidhmiú i gceart.	

# Leabharlann

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Leabharlann	Leanúint lenár seirbhísí, áiseanna agus líonra brainsí leabharlainne a fhorbairt ar chaighdeán ard chun foghlaim a chumasú, litearthacht agus léitheoireacht a chur chun cinn, eolas a chur ar fáil agus scileanna agus cruthaitheacht a chur chun cinn.	Ár Leabharlanna Poiblí 2022. Comhairle Contae Laoise – Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022. Ceart chun Léimh: ag tacú le litearthacht san údarás áitiúil, 2014	Plean bliantúil soláthair seirbhíse; cuspóirí agus spriocanna an phlean curtha i bhfeidhm. Tuairiscí Míosúla chuig Foireann Bhainistíochta Thuarascáil Bhliantúil. Tuairisc Mhíósúil an Phríomhfheidhmeannaigh	Táscairí Feidhmíochta. L1: Líon na gcúairteanna ar an leabharlann in aghaidh gach 1,000 duine. L2: Costas oibríocháin na seirbhíse leabharlainne in aghaidh gach 1000 duine. Eile <ul style="list-style-type: none"> <li>An Ciste um Stoc Leabhar per capita.</li> <li>Líon na míreanna a thógtar ar iasacht gach bliain per capita.</li> <li>Úsáid seirbhíse ar líne.</li> <li>Úsáid an tsuimh ghréasáin.</li> <li>Úsáid ardáin meán sóisialta.</li> </ul>
	A chinntiú go bhfuil ról lárnach ag leabharlanna mar spás pobail agus cultúir a tharraingíonn pobail áitiúla isteach	Ár Leabharlanna Poiblí 2022. Comhairle Contae Laoise – Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022.	Plean bliantúil soláthair seirbhíse; cuspóirí agus spriocanna an phlean curtha i bhfeidhm. Tuairiscí Míosúla chuig Foireann Bhainistíochta Thuarascáil Bhliantúil. Tuairisc Mhíósúil an Phríomhfheidhmeannaigh	Táscairí Feidhmíochta. L1: Líon na gcúairteanna ar an leabharlann in aghaidh gach 1,000 duine.
	Leanúint le hacmhainní agus infreastruchtúir dhigiteacha i leabharlanna poiblí a fhorbairt chun leabharlanna a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí i gcomhthéacs na n-athruithe ar eolas, rochtain ar fhaisnéis agus teicneolaíocht.	Ár Leabharlanna Poiblí 2022. Comhairle Contae Laoise – Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022. Straitéis Náisiúnta Dhigiteach	An úsáid is mó is féidir a bhaint as teicneolaíocht chun litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus daoine a spreagadh agus a mhealladh chun rochtain a fháil ar sheirbhísí leabharlainne go digiteach	Táscairí Feidhmíochta. L1: Líon na gcúairteanna ar an leabharlann in aghaidh gach 1,000 duine <ul style="list-style-type: none"> <li>Úsáid seirbhíse ar líne.</li> <li>Úsáid an tsuimh ghréasáin.</li> <li>Úsáid ardáin meán sóisialta.</li> </ul>

# Tithíocht & Athnuachan Uirbeach

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
Easpa Dídine	Aghaidh a Thabhairt ar Easpa Dídine	Cóiríocht do dhaoine gan dídean agus seirbhísí lena mbaineann a sholáthar i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach um Easpa Dídine.	<p>Líon na ndaoine fásta a mbreathnaítear orthu mar dhaoine gan dídean mar % de líon iomlán na ndaoine fásta a úsáideann cóiríocht éigeandála nó a chodlaíonn amuigh i dtréimhse áirithe</p> <p>Líon na ndaoine fásta aonair, teaghlach agus a gcleithiúnaithe a fhaigheann rochtain ar chóiríocht éigeandála le linn seachtain áirithe gach mí.</p> <p>Líon na dteaghlach a fhágann cóiríocht éigeandála go dtí tionóntacht ar bhonn ráithiúil.</p>	<p>50%</p> <p>2 dhuine fásta 0 leanbh</p> <p>2</p>
Tithíocht	<p>Tithíocht shóisialta a sholáthar chun riachtanais aitheanta a chomhlíonadh</p> <p>Tógáil tithíochta sóisialta a mhéadú chun aonaid thógtha a sheachadadh</p>	<p>Atógáil Éireann</p> <p>Plean Seirbhísí Tithíochta (áitiúil)</p> <p>Straitéis Úsáide Talún</p>	<p>Spríocanna i leith líon na n-aonad a chuirtear ar fáil leis na modhanna seo a leanas a shárú: (<i>le linn thréimhse an phlean seo</i>)</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Tógáil údaráis áitiúil</li> <li>- Léasú Tithíochta Sóisialta</li> <li>- Tithíocht Dheonach</li> <li>- Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000-</li> </ul>	<p>280</p> <p>50</p> <p>500</p> <p>120</p>

# Tithíocht & Athnuachan Uirbeach

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
			2002 - Ceannacháin Phríobháideacha - Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta	20  1,535
	Stoc Tithíochta a Choimeád	Na Rialacháin Tithíochta 2019	<p>An clár pleanáilte maidir le cothabháil agus deisiúchán tithíochta a chur i bhfeidhm faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.</p> <p>Líon na ndeisiúcháin a chuirtear i gcrích mar % de líon na n-iarrataí bailí deisiúcháin.</p> <p>% de thionóntachtaí príobháideacha ar cíos a ndéantar cigireacht orthu</p> <p>% de thithe údaráis áitiúil atá folamh;</p> <p>Líon na dTithe Folmha in aghaidh na bliana</p> <p>Meán-aga agus meánchostas athligin</p>	<p>Éigeandáil – 1 go 3 lá</p> <p>Práinneach – 10 lá</p> <p>Gnáthnós – 8 go 12 sheachtain</p> <p>100% laistigh de sprioc/tosáíocht an chláir pleanáilte maidir le cothabháil agus deisiúcháin tithíochta</p> <p>20% de thionóntachtaí príobháideacha ar cíos a ndéantar cigireacht orthu in aghaidh na bliana.</p> <p>1%</p> <p>2</p> <p>Aga comhlánaithe dhá sheachtain dhéag agus meánchostas €6,500 in aghaidh an aonaid</p>



# Tithíocht & Athnuachan Uirbeach

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
	An Scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)		Spriocanna maidir le líon na n-aonad, mar a leagtar síos go náisiúnta, a bhaint amach	Gach 7 seachtaine
	Tithíocht ar dTús	An Plean Feidhmithe Náisiúnta um Thithíocht ar dTús 2018-2021	Spriocanna maidir le Tithíocht ar dTús a sholáthar a bhaint amach.	9 n-aonad a sholáthar in 2019-2021
	Tithíocht leordhóthanach agus chuí a chur ar fáil do dhaoine den Lucht Taistil	An Plean Cúig Bliana um Chóiríocht do Thaistealaithe 2019-2024 a chur i gcrích	Spriocanna a bhaint amach maidir le tithíocht chuí a chur ar fáil do dhaoine den Lucht Taistil	37 aonad a chur ar fáil le linn shaolré an Phean um Chóiríocht do Thaistealaithe
	Tithíocht leordhóthanach agus chuí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas  Cúnamh deontais a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas chun maireachtáil neamhspleách a chothú	Pleananna cúig bliana na nGrúpaí Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais a chur i gcrích	Spriocanna maidir le tithíocht chuí do dhaoine faoi mhíchumas go náisiúnta a bhaint amach  Líon na ndeontas a íocadh	5 in aghaidh na bliana  180 in aghaidh na bliana

# Gnóthaí Corparáideacha

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
Seirbhísí Corparáideacha – Seirbhísí do Chomhaltaí Tofa	Éascaíocht a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do ról ionadaíoch na gComhaltaí Tofa	Rúnaíocht éifeachtúil agus phroifisiúnta i bhfeidhm, níos mó úsáide as teicneolaíocht, oiliúint a chur ar fáil agus éifeachtúlacht fheabhsaithe maidir le cur i gcrích ghnó na Comhairle.	Comhaltaí Tofa atá ar an eolas	
Seirbhísí Corparáideacha - Ceart Vótála agus Toghcháin	Rannpháirtíocht sa phróiseas daonlathach a uasmhéadú  Clár na dToghthóirí a ullmhú agus a chur i gcrích	Cruinneas Chlár na dToghthóirí a fheabhsú agus a choimeád  Achtanna Toghcháin agus Ciorcláin chuí  Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le moltaí faoi chlárú ar líne a chur ar aghaidh	An méid is mó eolais a chur ar fáil maidir leis an bpróiseas toghcháin trí úsáid a bhaint as modhanna cuí cumarsáide.  Clár dréachta agus Clár beo a fhoilsiú ar na dátaí atá leagtha síos.  Socrúithe leasaithe i bhfeidhm	Líon na n-iontrálacha nua/athruithe ar an gClár  Spriocdhátaí atá bainte amach

# Gnóthaí Corparáideacha

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibríochta
	Éascaíocht a dhéanamh ar thoghcháin agus reifrinn a réachtáil	Achtanna Toghcháin agus ciorcláin chúí.	Toghcháin a réachtáiltear	
Seirbhísí Corparáideacha – Seirbhísí do Chustaiméirí	<p>Seirbhís ardchaighdeán dírithe ar an gcustaiméir atá éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil, seirbhís a athraíonn de réir riachtanais an phobail.</p> <p>Cumarsáid a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus eolas a choinneáil soiléir, gonta agus achomair.</p>	<p>Comhlíonadh na Cairte Custaiméirí agus polasaithe lena mbaineann</p> <p>Eolas a scaipeadh ar an líon is mó Custaiméirí agus is féidir</p> <p>Táscairí Seirbhíse Náisiúnta agus Áitiúla,</p> <p>Deasca Tiomnaithe agus Sainiúla Seirbhíse do Chustaiméirí ag áiteanna éagsúla</p> <p>Straitéis Chumarsáide a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm</p> <p>Alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Dualgas na hEanála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine)</p>	<p>Agaí freagartha le haghaidh fiosruithe i gcomhréir leis an gCairt Custaiméirí</p> <p>Níos mó úsáide as na Meáin Shóisialta, mar is cúí</p> <p>Monatóireacht a dhéanamh agus réimsí a d'fhéadfadh a fheabhsú a aithint</p> <p>Líon na gcuairteoirí</p> <p>Aiseolas ó Chustaiméirí agus na Meáin</p> <p>Scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhaineann le feidhmeanna Chomhairle Contae Laoise agus bearta cúí a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt orthu siúd.</p>	Comhlíonadh na Cairte

# Gnóthaí Corparáideacha

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibriochta
	Córais éifeachtacha agus thrédhearcacha a chur ar fáil chun riachtanais faoi reachtaíocht Saorála Faisnéise, Cosanta Sonraí, Rochtana ar Fhaisnéis Chomhshaoil agus aon mheicníocht reachtaíocht a bhaineann le rochtain ar thaifid/sonraí a riar	An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, An tAcht GDPR agus Cosanta Sonraí, 2018, Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil, 2007 - 2018, Athúsáid Rialacháin na hEanála Poiblí, 2005, agus aon reachtaíocht eile ábhartha.	Líon na n-iarrataí a fuarthas	Comhlíonadh riachtanas.
Seirbhísí Corparáideacha – Rialachas Corparáideach	Rialachas Corparáideach  A chinntiú go gcuirtear riachtanais an Ahta um Rialtas Áitiúil, 2001 arna leasú i dtaca le hEitic i bhfeidhm go hiomlán i gcás gach fostaí ábhartha agus comhalta tofa	A chinntiú go bhfuil struchtúir éifeachtacha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar obair na Comhairle ar bhealach oscailte agus trédhearcach a uasmhéadaíonn úsáid na n-acmhainní ar fad atá ar fáil.  Cloi le Straitéis Laoise Oiriúnaithe um Athrú Aeráide 2019 - 2024  A chinntiú go bhfuil an Chomhairle agus a fostaí ag feidhmiú ar bhealach eiticíúil agus go bhfuil siad cuntasach do chustaiméirí agus don phobal i gcoitinne.	Tacú le hobair an Choiste Iniúchta  Tacú le próiseas an Iniúchta Inmheánaigh agus Sheachtraigh  Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar chaighdeán "deachleachtais" maidir le Rialachas Corparáideach, agus iad a chur i bhfeidhm.  Bearta i bhfeidhm agus gníomhartha curtha i bhfeidhm  Dearbhuithe curtha ar ais agus Cláir phoiblí i bhfeidhm agus ar fáil lena scrúdú.	Clár Oibre Bliantúil comhaontaithe agus curtha i bhfeidhm.  Dearbhuithe Bliantúla agus Cláir phoiblí curtha i gcrích.  Athbhreithniú ag Iniúchóir Rialtais Áitiúil

# Gnóthaí Corparáideacha

---

		An tAcht Rialtais Áitiúil 2001 – 2014 agus Ciorcláin ábhartha  Cód Iompair d'Fhostaithe agus Comhaltaí Tofa.		Comhlíonadh an Chóid Iompair
--	--	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	--	---------------------------------

# Acmhainní Daonna

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
Acmhainní Daonna	Riachtanais lucht saothair ár n-eagraíochta a Pleanáil agus a Sheachadadh	Plean an Lucht Saothair Polasaí um Thinreamh a Bhainistiú	Táscaí Feidhmíochta C1 Lion iomlán na WTE  C2 Laethanta oibre a cailleadh de bharr tinnis	
	Acmhainn agus ábaltacht san eagraíocht a fhorbairt	Plean um Fhoghlaim agus Fhorbairt  Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta  Creatlach um pleanáil comharbais	Leibhéal na hinfheistíochta i glár Oiliúna & Forbartha don fhoireann  Leibhéil chríochnaithe	
	Bainistíocht Éifeachtach ar acmhainní ár bhfoirne	Cur i bhfeidhm Pholasaithe & Nósanna Imeachta AD  Bainistíocht oibríochta ar fheidhm an phárolla agus an aoisliúntais  Caidreamh tionsclaíoch seasmhach  Sláinte agus Folláine & Creatlach(a) um Rannpháirteachas Foirne  Dualgas Earnála Poiblí	An líon atá ag úsáid roghanna don Chothromaíocht Oibre-Saoil  Cloítear leis an sprioc go mbeadh míchumas ag 3% d'fhostaithe sa lucht saothair	
	Comhoibríocht éifeachtach le páirtithe leasmhara seachtracha	Scéimeanna Shocrúcháin Oibre  Clár Gnó na Scoileanna	Líon na socrúcháin a cuireadh ar fáil	

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	Córais eolais nua-aimseartha a chur ar fáil don Lucht Bainistíochta agus don Fhoireann chun cuidiú leo seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar do Chustaiméirí agus do Chomhaltaí Tofa	Clár na n-uasdátaithe do na córais agus don trealamh ábhartha  Straitéis TCF Rialtais Áitiúil 2017-2022  Nóta Foláirimh maidir leis an Néalríomhaireacht Deireadh Fómhair 2019 - DPER	Cuir le Plean Gníomhaíochta na straitéise TCF  Tuilleadh oiriúnú a dhéanamh don teicneolaíocht Néalríomhaireachta	Tacaíocht a thabhairt don eagraíocht trí bhonneagar TFC atá oiriúnach don fheidhm agus éifeachtach ó thaobh costais de a chur ar fáil
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	Bonneagar láidir caighdeánaithe na gcórais faisnéise a sholáthar don eagraíocht, a éascóidh soláthar seirbhísí atá feidhmiúil, agus éifeachtach ó thaobh an chostais de, do chustaiméirí	Straitéis TCF Rialtais Áitiúil 2017-2022  Cur chuige a ghlacadh a chuireann ábhair dhigiteacha sa chéad áit agus seirbhís nua á soláthar  Plean Athshlánaithe ó Thubaiste TFC	Comhlíonadh Plean Athshlánaithe ó Thubaiste TFC	
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	Tarchur na cúl-oifige trí phróisis ghnó a dhigitiú chun bearta éifeachtúlachta a sholáthar don fhoireann agus do chustaiméirí.	Straitéis TCF Rialtais Áitiúil 2017-2022	Digitíú soláthar seirbhísí de réir spriocanna eagraíochtúla	Athsholáthair lámhphróisis roghnaithe bunaithe ar pháipéar

# Airgeadas

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
Airgeadas	Straitéis Buiséid - Buiséad comhardaithe a leanúint	Leanadh an buiséad comhardaithe	Monatóireacht leanúnach ar ioncam agus ar chaiteachas faoin mbuiséad.	Táscairí feidhmíochta: M1: Achoimre 5 bliana ar iarmhéideanna na gcuntas Ioncaim
Airgeadas	Bainistíocht Airgeadais agus Ciste - bainistíocht láidir airgeadais a bhainistiú ar fud na heagraíochta chun rialú corparáide a bhaint amach.	Soláthar eolais chruinn prais agus athbhreithnithe faoinár spriocanna	Tuairisciú pras cruinn, bainistíocht sreabhadh airgid, tuairisceáin ráithiúla agus bliantúla agus comhlíontacht cánach	Bainistíocht leanúnach ar ár n-iarmhéideanna airgid ag cinntiú infhaighteacht airgid chun ár spriocanna corparáide a bhaint amach
Airgeadas	Bailiú Ioncaim – chun bailiúchán a uasmhéadú i ngach réimse	Spriocanna bailiúcháin a shocrú do gach sraith ioncaim	Monatóireacht a dhéanamh ar ár gcéatadáin bailiúcháin ar gach cuntas ioncaim	Táscairí feidhmíochta: M2: Achoimre 5 bliana ar leibhéal bailiúcháin do Rátaí, d'Iasachtaí agus do Chíos.
Airgeadas	Caiteachas – íocaíocht phras ar ghealltanais atá le híoc a chinntiú	Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar íocaíochtaí seachtainiúla	Líon na gcuntas a híocadh in am chun costais agus pionóis úis dhéanaigh a sheachaint	Tuairisceáin phrais úis agus íocaíocht úis
Airgeadas	An tSeirbhís um Iniúcháireacht – an Iniúcháireacht ar ár Ráiteas Airgeadais Bliantúil a chríochnú de réir na reachtaíochta ábhartha	Iniúcháireacht a dhéanamh ar ullmhúchán na gcomhad, réiteach na gcuntas agus ar chumarsáid le hIniúcháir an Rialtais Áitiúil	Tuarascáil Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil agus Litir Bhainistíocht na hIniúcháireachta	Tuarascáil Iniúcháireachta Neamhcháilithe



# MyPay

Limistéar Feidhme	Aidhmeanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibríochta
Pleanáil na dTionscadal & a gCur i bhFeidhm	Sceideal feidhmithe chéimnigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun seirbhísí párolla agus aoisliúntais a chur ar fáil beo do gach eagraíocht molta Cliaint (33 eagraíocht) faoi dheireadh 2023	Plean cuimsitheach tionscadaíl a fhorbairt agus a uasdátú Plean mionsonraithe cumarsáide a fhorbairt  Déan athbhreithniú ar na próisis agus tabhair tuairisc do Bhord an Chláir go míosúil	Líon na gCliant a soláthraíonn MyPay seirbhísí párolla dóibh faoi 31/12/2023  Líon na gCliant a soláthraíonn MyPay seirbhísí aoisliúntais dóibh faoi 31/12/2023	30 Cliant ag fáil seirbhísí párolla faoi 1/11/2019  19 Cliant ag fáil seirbhísí aoisliúntais faoi 1/11/2019
